



Northern Ireland
Assembly

EC₃

Cad é mar a thogann muid CTRanna?

Réimsí Foghlama:

Foghlaim don tSaol agus don Obair: *Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda*

Cuspóirí Foghlama

Trí na gníomhaíochtaí a chomhlánú, beidh an deis ag na daltaí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- taighde a dhéanamh ar fhorógra páirtí agus ceann a chruthú le cur i láthair don rang; agus
- páirt a ghlacadh i dtoghchán ranga le tuiscint ghníomhach a fháil ar chóras an Aonvóta Inaistrithe a úsáidtear i dTuaisceart Éireann.

Riachtanais Reachtúla

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga leis na riachtanais reachtúla seo a leanas:

Foghlaim don tSaol agus don Obair: *Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda*

Ba cheart deiseanna a bheith ag daltaí:

- Imscrúdú a dhéanamh ar bhuntréithe an daonlathais.



Cad é mar a Thogann Muid CTRanna?: 1





Northern Ireland
Assembly

EC₃

Scileanna Traschuraclaim/Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga an deis ar fáil do dhaltáí na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

Cumarsáid	Sa ghníomhaíocht leantach, caithfidh daltaí oibriú le chéile le hóráid agus póstaer a chruthú faoi choinne feachtas toghcháin. Beidh an deis acu faisnéis agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe. Déanfaidh siad fosta, smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur i láthair i réimse foirmeacha agus formáidí, ag baint úsáid as acmhainní traidisiúnta agus digiteacha.
Ag Obair le Daoine Eile	Sa Ghníomhaíocht Leantach, cuideoidh daltaí le ról foirne a thabhairt do dhaoine eile agus obair leo ar mhaithe le cuspóir a bhaint amach. Tiocfaidh siad aníos chomh maith le hargóintí a bhfuil údar maith leo le dul i bhfeidhm ar dhaoine eile sa rang acu.

Forléargas

Míníonn agus léiríonn físeán an Aonvóta Inaistrithe i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#), leagan simplithe den chóras vótála a úsáideann muid i dTuaisceart Éireann.

Cuireann na Gníomhaíochtaí Tosaigh tús leis an ullmhúchán faoi choinne an toghcháin ranga a bheas ann ag an deireadh trí thaighde a dhéanamh ar na páirtithe reatha a toghadh go Tionól Thuaisceart Éireann agus ar a gcuid forógraí i nGníomhaíocht 1; sula ndéantar an rang a roinnt ina pháirtithe le forógra agus ábhair eile dá bhfeachtas toghcháin i nGníomhaíocht 2, a chruthú.

Tugann an Ghníomhaíocht Leantach deis do dhaltáí a gcuid forógraí a chur i láthair agus ansin vóta a chaitheamh ar son iarrthóirí trí úsáid a bhaint as córas an Aonvóta Inaistrithe a mhínítear san fhíseán ar líne.





Gníomhaíochtaí Tosaigh

Gníomhaíocht 1

Déan nascleanúint go bolgán portráide TTÉ ar an bhalla dheas de Sheomra an tSeanaid, ag baint úsáid as an chlár bhán i gcomhpháirt leis an turas Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#). Clliceáil ar an bholgán agus roghnaigh an grianghraf sa lár leis an phortráid de comhaltaí, a toghadh in 1998, a thaispeáint:

- An aithníonn na daltaí duine ar bith de na comhaltaí?
- An bhfuil siad ábalta an páirtí lena mbaineann gach Comhalta, a ainmniú?
- Cad iad na páirtithe atá fós tofa don Tionól? Cad chuige?
- An bhfuil a fhios acu cad é atá i gceist le forógraí na bpáirtithe?

I bpéirí, iarr ar dhaltaí taighde agus liosta a dhéanamh de na páirtithe polaitíochta éagsúla a bhfuil ionadaíocht acu i dTionól Thuaisceart Éireann san am atá i láthair le cuidiú ó na háiseanna seo a leanas:

- An ghníomhaíocht um Léarscáil Toghcheantair faoin nasc **Cé hIad do CTRanna?** i rannán **Bhlianta 8–10** de Shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#)
- www.niassembly.gov.uk

Nuair a bheas an liosta comhlánaithe, ba cheart dóibh cuairt a thabhairt ar shuíomhanna gréasáin na bpáirtithe ar an liosta agus amharc ar fhorógraí éagsúla na bpáirtithe, ar a n-áirítear an stíl agus na polasaithe (dearthaí maidir le déileáil le saincheisteanna). Ba cheart iarraidh ar phéirí tuairisc a thabhairt ar a gcuid torthaí maidir le páirtithe éagsúla. Ba cheart do dhaltaí plé a dhéanamh ar chuspóir forógra agus cad é a fhágann go bhfuil sé éifeachtach.

Gníomhaíocht 2

Déan grúpaí den rang ina mbeidh gach ceann acu ag déanamh ionadaíocht do pháirtí polaitíochta atá ag ullmhú do thoghchán. Is féidir ceann amháin de na cártaí próifíle páirtí ó Áis 1 a thabhairt do gach grúpa nó a bpróifíl pháirtí féin a chruthú.

Forógra a Dhéanamh

Mar pháirtí polaitíochta, caithfidh gach grúpa sluán, póstaer agus óráid feachtais ghairid a chruthú don toghchán a tharlóidh ag deireadh an cheachta. Ba chóir do gach grúpa:

- ceannaire páirtí a ainmniú leis an óráid a thabhairt;
- ról ghrúpa a leagan amach leis an phóstaer agus leis an tsluán a chruthú agus le cuidiú leis an óráid a scríobh;
- a chinntiú go míníonn an óráid trí phríomhpholasaithe don chuid eile den rang agus go bhfuil sé mar aidhm aici a oiread vótaí agus is féidir a fhail; agus
- am a shocrú leis an óráid a thabhairt agus cuir an toghchán ar siúl ag baint úsáid as córas an Aonvóta Inaistrithe.





Gníomhaíocht Ar Líne

Vótáil

Cuirtear síos ar an chóras vótála a úsáidtear i dThuaisceart Éireann: leagan d'ionadaíocht chionmhar (PR), san fhíseán beochana faoin Aonvóta Iniaistrithe faoin nasc **Cad é mar a thoghann muid CTRanna?** i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#).

Maireann an físeán beochana 1 nóiméad 41 soicind, agus is féidir amharc air ar chlár bán leis an amharc is fearr a fháil air:

- Clíceáil ar an chnaipe lánscáileáin ag bun an tseinnteora físeáin ar dheis leis an fhíseán beochana a sheinm le lánscáileán.
- Nuair a bheas tú críochnaithe, brúigh ar an chnaipe Esc le modh an lánscáileáin a fhágáil.

Sula n-amharctar ar an fhíseán, cuir i gcuimhne do na daltaí go mbeidh siad ag tabhairt a gcuid óráidí gan mhoill le vótaí a mhealladh ón chuid eile den rang. Is é an córas a úsáideann muid leis na daoine a dhéanann ionadaíocht dúinn a roghnú, ná, vótáil i dtoghchán, agus is slí thábhachtach í le bheith páirteach sa daonlathas.

Gníomhaíochtaí Gaolmhara

Tá áiseanna ilmheán eile a d'fhéadfadh bheith bainteach leis an ghníomhaíocht seo sa rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#):

Cad é mar a thoghann muid CTRanna?

Is féidir Léarscáil idirghníomhach na dToghcheantar a úsáid le fiosrú a dhéanamh ar ainmneacha/suíomhanna na dtoghcheantar do thoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann, chomh maith le taighde a dhéanamh ar na CTRanna agus ar na páirtithe a dhéanann ionadaíocht do gach toghcheantar.

Éabhlóid na Déabhlóide

Is amlíne í seo d'eachtraí stairiúla 1900–1999, ina bhfuil impleachtaí na críochdheighilte ar theorainneacha toghcheantar agus ar ionadaíocht chionmhar i mblianta tosaigh Thuaisceart Éireann, san áireamh.

CTR go ceann Seachtaine

Faigh an mórfhictiúr ar na rudaí a dhéanann CTR le linn na seachtaine tríd an ról sin a ghlacadh. Chomh maith le sceideal gnóthach a láimhseáil, tá tascanna eile le déanamh amhail óráid a scríobh, agus a bheith páirteach i dtráth na gceisteanna agus preasócáidí.

The Democracy Cookbook – Foilseachán Speisialta Thionól Thuaisceart Éireann ina bhfuil faisnéis agus gníomhaíochtaí breise a bhaineann le toghcháin do Thionól Thuaisceart Éireann agus le córas an Aonvóta Inaistrithe, ar a n-áirítear an ghníomhaíocht um Amlíne Vótála – Tuaisceart Éireann' ar leathanach 21 agus an cluiche 'Aontoradh Inaistrithe' ar leathanach 29. Is féidir *The Democracy Cookbook* a aimsiú i rannán Thuaisceart Éireann de shuíomh gréasáin an Choimisiúin Toghcháin ag: www.dopolitics.org.uk





Gníomhaíocht 1

Forógra a Chur i Láthair

Is iad na daltaí a roghnaíodh mar cheannaire gach páirtí na hiarrthóirí atá ag seasamh don toghchán. Ba chóir do gach ceannaire a óráid a thabhairt don rang agus a fhorógra a chur i láthair an ranga, le tacaíocht ón chuid eile den pháirtí lena bpóstaer agus a sluán ar taispeáint.

Má tá am ar fáil, is féidir le gach ceannaire ceisteanna ón rang a fhreagairt.

Vótáil

Nuair a bhíonn an deis ag gach páirtí a fhorógra a chur i láthair agus ceisteanna a fhreagairt, cuir i gcuimhne don rang an dóigh a ndéanfaidh an rang beirt iarrthóirí a thoghadh anois trí vótaí a chaitheamh ar son iarrthóirí ag baint úsáid as córas an Aonvóta Inaistrithe.

D'fhéadfadh an rang úsáid a bhaint as ceann amháin den iliomad áiritheoirí ballóide Aonvóta Inaistrithe atá ar fáil ar an idirlíon le vóta a chaitheamh, mar mhalairt ar mhodh an pháipéir atá mionsonraithe thíos. Is féidir leat sampla d'áiritheoir ballóide Aonvóta Inaistrithe a aimsiú i **Seisiún 4**, rannán **Ghníomhaíocht 2** den áis EU4U. Is féidir an áis seo a aimsiú i rannán **Eochairchéim 3, Foghlaim don tSaol agus don Obair** de shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag: www.nicurriculum.org.uk

Bain úsáid as Áis 2 mar theimpléad agus tabhair leathán ballóide a bhfuil ainm gach páirtí air, do na daltaí agat. Iarr orthu '1' a mharcáil in aice leis an iarrthóir céadrogha acu, agus '2' a mharcáil in aice leis an iarrthóir dara rogha acu agus mar sin de. Spreag iad le vóta a chaitheamh de réir pholasaithe agus fheidhmíocht na n-iarrthóirí. Ní gá dóibh vóta a chaitheamh ar son an ghrúpa lena mbaineann siad – dá ndéanfaí é seo, bheadh toradh an chéad áirimh réamhdhéanta. Tá dhá shuíochán ar fáil. Ba chóir dóibh a leathán ballóide a chuir isteach nuair a bheas vóta caite acu.

Bain úsáid as an leagan shimplithe seo a leanas d'Aonvóta Inaistrithe le cinneadh a dhéanamh ar an bheirt iarrthóirí tofa.

- Sórtáil na páipéir bhallóide ina mbeartáin, de réir céadroghanna (vótaí uimhir a haon) agus déan iad seo a chuntas.
- Fógraítear an t-iarrthóir leis an líon is mó vótaí céadrogha mar an t-iarrthóir céadtófa.
- Cuir na páipéir bhallóide go léir ar leataobh **seachas an beartán de vótaí céadrogha**.
- Sórtáil na páipéir bhallóide seo ina gcairn de réir an dara rogha (vóta uimhir a dó).
- Déan iad a chuntas agus cuir an t-iomlán do gach iarrthóir leis an líon iomlán dá chéad áirimh – is é an t-iarrthóir leis an líon is airde an dara iarrthóir tofa.

Gabh comhghairdeas leis na páirtithe rathúla agus déan measúnú ar cad chuige ar chaith daltaí sa rang vóta ar a bhforógra. Comhlánaigh an ghníomhaíocht trí phlé a dhéanamh ar na cúiseanna a gcaitheann/nach gcaitheann daoine vóta.





Áis 1: Forógraí an Pháirtí

An Páirtí Corcairghorm

Polasaithe:

- Téigh i gcomhairle leis na daltaí go léir faoi cheapachán múinteoirí sa scoil acu. Má shíníonn 75 faoin chéad de na daltaí achainí i gcoinne múinteora sa scoil acu, ní mór an múinteoir sin a bhriseadh as a phost.
- Ardaigh an aois is féidir leat an tástáil tiomána a dhéanamh ó 17 go 21, le básanna agus tiomáint chontúirteach ar na bóithre a laghdú..

An Páirtí Indeagó

Polasaithe:

- Bíodh gach scoil ina scoil aonghnéis (tugann taighde le fios go n-éiríonn níos fearr le cailíní i scoileanna aonghnéis).
- Ardaigh an t-íosphá do dhaoine faoi 21 go dtí an leibhéal céanna le daoine os cionn 21 agus tóg isteach an t-íosphá céanna do dhaoine faoi 16.
- Cuir iallach ar dhaltaí atá trioblóideach i rith na bliana scoile, freastal ar scoil le linn an tsamhraidh.

An Páirtí Corcairdhearg

Polasaithe:

- Tabhair cead do chomhlachtaí mearbhia ceannas a ghlacadh ar sholáthar béilí i scoileanna.
- Tabhair saorthaisteal ar iompar poiblí do gach duine faoi 16.
- Cuir cosc ar dhíolachán físchluichí foréigneacha do dhaoine faoi 21.

An Páirtí Ultramhuiríneach

Polasaithe:

- Cruthaigh 'campaí aclaíochta' saor in aisce le dul i ngleic le géarchéim an mhurtaill agus le corpacmhainn an phobail a fheabhsú.
- Cuir tús agus deireadh le hiar-bhunscoileanna dhá uair an chloig níos moille, le bheith ag teacht le patrúin codlata déagóirí.
- Cuir iallach ar dhéagóir ar bith atá ciontach as iompar frithshóisialta rabhlaeir lonracha bhuí a chaitheamh ar feadh bliain amháin nuair a bhíonn siad i measc an phobail.

An Páirtí Séadghlas

Polasaithe:

- Tabhair díolúine do pháistí faoi 16 ó Cháin Bhreisluacha (CBL) (VAT) a íoc ar earraí a cheannaíonn siad (rud a chiallaíonn go bhfuil laghdú 20% ar an chuid is mó de rudaí)
- Tabhair cead do dhaltaí obair a dhéanamh ón bhaile trí níos mó ceachtanna a chur ar fáil ar líne.
- Tabhair córas úr bailithe dramhaíola isteach ina meáitear an dramhaíl atá táirgthe ag gach teaghlach. Íocfaidh daoine fineáil £250 as an-iomarca dramhaíola a tháirgeadh.





Northern Ireland
Assembly

EC₃

Áis 2: Páipéar Ballóide

Cuir na huimhreacha 1–5 in aice leis na páirtithe ar mian leat vóta a chaitheamh ar a son, le 1 don chéadrogha agat, 2 don dara rogha agat agus mar sin de...

Ainm an Pháirtí	Do Vóta

Cad é mar a Thoghann Muid CTRanna?: 7

